Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5228/22**

**ECOFIN 31**
**FIN 13**
**UEM 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19<br>– Glacadh |

1. Le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1] ('Rialachán SURE' anseo feasta) leagtar síos an creat lena gcuirfear ar chumas an Aontais cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach nó a bhfuil dianbhagairt orthu de bharr ráig COVID-19, go príomha maidir le scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe agus, mar chuid choimhdeach, roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte a chosaint.

[1] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

2. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán SURE, tá cúnamh airgeadais le cur ar fáil trí chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún. Deonaíodh tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE don Phortaingéil le cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020[2].

3. Tar éis iarraidh ón bPortaingéil síneadh a chur le liosta na mbeart ar dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais ina leith faoi Rialachán SURE, thíolaic an Coimisiún, an 4 Eanáir 2022, togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme (AE) lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19 (5052/22).

4. Rinneadh an togra thuasluaite a scrúdú ag Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an 11 Eanáir 2022 agus rinne saineolaithe dlí agus teanga athbhreithniú air ina dhiaidh sin.

5. Is féidir a mheas anois go bhfuil an obair ullmhúcháin theicniúil iomlán, agus féadfar dréacht-téacs an chinnidh cur chun feidhme ón gComhairle a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh go foirmiúil.

6. Ba cheart a thabhairt ar aire, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 297(2) CFAE agus le hAirteagal 18(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go bhfuil an cinneadh seo ón gComhairle, a luaithe a ghlacfar é, le cur in iúl don Bhallstát a bhfuil sé dírithe chuige, ag Ardrúnaí na Comhairle nó ag Ard-Stiúrthóir atá ag gníomhú thar a cheann.

7. De bhun Airteagal 122(2) CFAE, ba cheart d'Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin gcinneadh cur chun feidhme seo ón gComhairle.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfadh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, mar a leagtar amach in 5059/22, arna athbhreithniú ag saineolaithe dlí agus teanga.

---

[2] IO L 314, 29.9.2020, lch. 49.